RÚN (AE) 2023/1851 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 10 Bealtaine 2023

ina bhfuil barúlacha atá in gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (DdT) don bhliain airgeadais 2021

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2021,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas,

— ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0104/2023),

A. de bhrí, de réir a ráitis ar ioncam agus ar chaiteachais ([1]), gurbh é EUR 53 031 743 buiséad críochnaitheach Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh ('an tIonad') don bhliain airgeadais 2021, a léiríonn méadú de 13,30 % i gcomparáid le 2020; de bhrí go n-eascraíonn 89,88 % de bhuiséad an Lárionaid ó ranníocaíochtaí díreacha ó institiúidí agus ó ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile;

B. de bhrí go ndearbhaíonn an Chúirt Iniúchóirí (an 'Chúirt'), ina tuarascáil ar chuntais bhliantúla an Lárionaid don bhliain airgeadais 2021 ('tuarascáil na Cúirte'), go bhfuil dearbhú réasúnach faighte aici go bhfuil cuntais bhliantúla an Lárionaid iontaofa agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúil agus rialta;

Buiséad agus bainistiú airgeadais

1. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gurb é an toradh a bhí ar iarrachtaí faireacháin buiséid le linn na bliana airgeadais 2021 ná ráta cur chun feidhme buiséid de 83,54 % maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, arb ionann é agus laghdú 6,45 % i gcomparáid le 2020; ag tabhairt dá haire gur ráta forghníomhaithe 76,51 % a bhí ann maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, a léiríonn laghdú de 6,86 % i gcomparáid le 2020;

2. ag tabhairt dá haire, i ngeall ar theagmhais eisceachtúla, nár chuir an Lárionad an sásra chun an barrachas buiséid (EUR 1,1 milliún) a aisíoc go huathoibríoch i bhfeidhm do chliaint le haghaidh 2021; ag tabhairt dá haire gur tugadh an méid sin anonn go 2022;

Feidhmíocht

3. ag tabhairt dá haire go raibh fócas an Lárionaid ar thorthaí díreacha a bhaineann le gníomhaíochtaí an Lárionaid; ag tabhairt dá haire na heochairtháscairí feidhmíochta airgeadais (KPInna) a thugann léiriú maith ar fheidhmíocht oibríochtúil an Lárionaid; ag aithint go dtugann na KPInna peirspictíocht iltreoch ar fheidhmíocht an Lárionaid, ar peirspictíocht í a théann níos faide ná aschur; ag moladh don Ionad leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar a fheidhmíocht ar an dá leibhéal, aschur díreach gníomhaíochtaí agus feidhmíocht straitéiseach; ag tabhairt dá haire go dtuairiscítear KPInnaéagsúla a bhaineann le slándáil TF amhail ó 2021 agus go leanann an Lárionad de bheachtú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar meastóireacht ar shlándáil a chórais faisnéise;

4. ag tabhairt dá haire, le 367 264 leathanach, gur tháinig méadú 9,7 % ar líon na leathanach doiciméad a aistríodh, a modhnaíodh, a cuireadh in eagar agus a athbhreithníodh i gcomparáid le 2020 (322 443 leathanach); ag tabhairt dá haire, in 2021, le 274 706 leathanach, gur tháinig laghdú breise 8,5 % ar líon na leathanach aistrithe de thrádmharcanna AE i gcomparáid le 2020 (300 348 leathanach); ag tabhairt dá haire, maidir le trádmharcanna AE, go bhfuil líon na leathanach aistrithe ag dul i laghad go mór; tag tabhairt dá haire, nuair a aistríodh 641 970 leathanach san iomlán in 2021, go raibh an méid iarbhír réasúnta cobhsaí i gcomparáid le 2020 (635 269 leathanach);

([1]) IO C 141, 29.3.2022, lch. 57.

5. ag tabhairt dá haire gur ann d'iarrachtaí an Lárionaid feasacht a mhúscailt maidir le tábhacht an ilteangachais d'oibríochtaí na ngníomhaireachtaí agus chun cumarsáid ilteangach a chothú chun teagmháil a dhéanamh le saoránaigh an Aontais agus ag spreagadh an Lárionaid níos mó a dhéanamh, fiú; ag tnúth leis na chéad torthaí ón treoirthionscadal a seoladh in 2021 a fheiceáil, arb é is aidhm dóibh anailís a dhéanamh ar chleachtais ilteangacha na ngníomhaireachtaí atá ann cheana d'fhonn 'bosca uirlisí ilteangachais' a bhunú agus treoirlínte coiteanna a chruthú do bheartais teanga na ngníomhaireachtaí; á iarraidh ar institiúidí agus comhlachtaí uile an Aontais tosaíocht chomhionann a thabhairt do theangacha uile an Aontais;

6. ag tabhairt dá haire, i gcomhthéacs saincheisteanna athfhillteacha a bhaineann le cáilíocht na n-aistriúchán a tháirgeann soláthraithe seachtracha seirbhíse teanga, go bhfuil córas curtha i bhfeidhm ag an Lárionad chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht na n-aistriúchán seachfhoinsithe agus chun feabhas a chur ar aistriúcháin a léiríonn laigí; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil treoirlínte sonracha forbartha ag an Lárionad maidir lena ionchais cháilíochta, gur chuir sé ranganna teagaisc ar fáil do sholáthraithe seachtracha chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna athfhillteacha agus gur ghlac sé bearta diana i gcoinne roinnt conraitheoirí ar measadh go raibh a gcuid doiciméad míshásúil arís agus arís eile, rud a d'fhág, i gcásanna áirithe, go ndearnadh creatchonarthaí a fhoirceannadh;

7. ag tabhairt dá haire, agus is mór aici, chun gnóthachain éifeachtúlachta a bhaint amach, go n-áirítear i straitéis an Lárionaid athbhreithniú iomlán ar a bhealach oibre, cuid dá uirlisí straitéiseacha a nuachóiriú, bearta cost-éifeachtúlachta a chur chun feidhme ina shamhail ghnó, faisnéis níos cruinne maidir le costais iarbhír tháirgí an Lárionaid agus feabhas leanúnach a chur ar a uirlis bainistithe sreafa oibre (eCdT); ag iarraidh ar an Lárionad leanúint dá shineirgí a fhorbairt, comhar agus malartú dea-chleachtas le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais a mhéadú d'fhonn éifeachtúlacht a fheabhsú maidir le hacmhainní daonna, bainistiú foirgneamh, seirbhísí TF agus slándáil, mar shampla;

8. á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht ghníomhach an Lárionaid le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais; ag moladh an Choimisiúin as an mbéim a chuirtear ar a áirithiú, de bhun ghníomhartha bunaidh ghníomhaireachtaí agus chomhlachtaí an Aontais, go soláthróidh an Lárionad na seirbhísí aistriúcháin is gá d'fheidhmiú na ngníomhaireachtaí agus na gcomhlachtaí sin de chuid an Aontais, a bhaineann leas iomlán as seirbhísí teanga an Lárionaid;

9. ag moladh an Lárionaid as a sheirbhísí nua a cuireadh chun feidhme in 2021, amhail an tseirbhís iar-eagarthóireachta éadrom, an tseirbhís Paste'n'Go chun téacsanna gearra a aistriú níos tapúla agus na hinnill mheaisínaistriúcháin shaincheaptha i roinnt réimsí; ag tabhairt dá haire imscaradh 6 eisiúint nua de bhunachar sonraí idirinstitiúideach téarmaíochta IATE, agus imscaradh na dtreoirthionscadal leis an *Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí*, leis an gCúirt agus le hArd-Stiúrthóireacht Aistriúcháin an Choimisiúin; ag tabhairt dá haire, thairis sin, an comhar tairbheach idir an Lárionad agus *Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh* maidir le tionscadail éagsúla;

10. á chur in iúl gur geal léi gur tugadh isteach in 2021, ag tógáil ar chur chun feidhme Phlean Claochlaithe 2019-2020 an Lárionaid, cur chuige níos dírithe ar chliaint i leith na cáilíochta, lena gcuirtear ar chumas cliant rogha a dhéanamh ó réimse seirbhísí aistriúcháin, ó aistriúcháin a ndearnadh athbhreithniú críochnúil orthu go dtí seirbhís atá go hiomlán uathoibrithe, agus, ar an gcaoi sin, deiseanna nua a chur ar fáil do chliaint chun a mbuiséid aistriúcháin a bharrfheabhsú; ag tabhairt dá haire gur léirigh suirbhé 2021 ar shástacht na gcliant sástacht fhoriomlán na gcliant le raon agus cáilíocht na seirbhísí a chuireann an Lárionad ar fáil;

Beartas foirne

11. ag tabhairt dá haire, ar an 31 Nollaig 2021, go raibh an plean bunaíochta curtha chun feidhme 95,33 %, go ndearnadh ceapacháin i gcás 47 n-oifigeach agus 137 ngníomhaire shealadacha as 51 oifigeach agus 142 ghníomhaire sealadach arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais (193 phost údaraithe, mar an gcéanna in 2019); ag tabhairt dá haire freisin, gur oibrigh 24 ghníomhaire ar conradh don Ionad in 2021 (agus 28 bpost arna n-údarú);

12. ag tabhairt dá haire miondealú inscne an Láronaid a tuairiscíodh do 2021, le bean amháin i bpost bainistíochta sinsearaí, le 32 fhear (62 %) agus 24 bhean (38 %) ar leibhéal an bhoird bainistíochta agus foireann fhoriomlán de 82 fhear (39 %) agus 126 bhean (61 %); ag tabhairt dá haire go bhfuil tearcionadaíocht ag na fir i bhfoireann fhoriomlán an Lárionaid; ag iarraidh ar an Lárionad oibriú i dtreo na cothromaíochta inscne ag leibhéal na foirne agus ag leibhéal an bhoird bhainistíochta; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá cothromaíocht gheografach agus gur cheart ionadaíocht chomhréireach a dhéanamh ar na Ballstáit uile chun go ndéanfar ionadaíocht iomchuí ar náisiúnaigh ó na Ballstáit uile;

13. á chur in iúl gur saoth léi líon ard comhaltaí an bhoird bainistíochta, ar rud é nach n-éascaíonn cinnteoireacht agus bainistíocht shimplithe;

14. ag tabhairt dá haire go bhfuil beartas i bhfeidhm ag an Lárionad lena n-áirítear nós imeachta foirmiúil agus neamhfhoirmiúil a bhaineann le ciapadh síceolaíoch agus gnéasach, agus comhairleoirí rúnda ceaptha atá in ann an nós imeachta neamhfhoirmiúil a láimhseáil; á chur in iúl gur geal léi gur in 2021 a tháinig an Lárionad isteach i dTascfhórsa Líonra Ghníomhaireachtaí AE maidir le comhairleoirí rúnda a úsáid; ag tabhairt dá haire, de réir an fhreagra ón Lárionad, nár tuairiscíodh aon chásanna ciaptha in 2021;

15. ag tabhairt dá haire go bhfuil beartas acmhainní daonna forbartha ag an Lárionad maidir le cothromaíocht oibre is saoil, forbairt gairme, teilea-obair agus lánpháirtiú daoine faoi mhíchumas agus go bhfuil ráta láimhdeachais 2,72 % aige do 2021;

Soláthar

16. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, tuairim na Cúirte maidir leis na laigí i nósanna imeachta soláthair phoiblí an Lárionaid in 2021, lenar síníodh conarthaí trí nós imeachta idirbheartaithe a úsáid gan fógra teagmhála a fhoilsiú roimh ré; ag tabhairt dá haire conclúid na Cúirte go bhfuil na conarthaí sin, a ndearnadh íocaíochtaí EUR 108 200 ina leith, neamhrialta; ag iarraidh ar an Lárionad tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir leis na gníomhaíochtaí a rinneadh chun an cineál sin neamhrialtachtaí a sheachaint amach anseo;

17. á chur in iúl gur geal léi gur ghlac an Lárionad nósanna imeachta ríomhsholáthair in 2021; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé do gach nós imeachta soláthair, iomaíocht chóir idir tairgeoirí a áirithiú agus earraí agus seirbhísí a sholáthar ar an bpraghas is fearr, agus prionsabail na trédhearcachta, na comhréireachta, na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe á n-urramú; ag iarraidh go gcuirfí chun feidhme na huirlisí TF ríomhsholáthair a d'fhorbair an Coimisiún; ag iarraidh go ndéanfaí soiléiriú nuashonraithe ar na nósanna imeachta agus na teimpléid sna treoirlínte soláthair; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, tuairim na Cúirte go bhfuil laigí an tsoláthair phoiblí ag méadú agus go bhfuil siad fós ar an bhfoinse is mó d'íocaíochtaí neamhrialta i bhformhór na ngníomhaireachtaí;

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú agus trédhearcacht

18. ag tabhairt dá haire, de réir na hoibre leantaí a rinne an Lárionad ar urscaoileadh 2020 gur aistríodh a shuíomh gréasáin go Drupal áit ar cuireadh réimse do CVanna le haghaidh gach comhalta den bhord bainistíochta; ag tabhairt dá haire freagra an Lárionaid go bhfuil réiteach á lorg ag aige, mar gheall ar mhéid na bainistíochta, lena gceadófar do chomhaltaí an bhoird dearbhuithe leasanna agus CVanna a uaslódáil agus a choinneáil iad féin; ag iarraidh ar an Lárionad tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir leis an dul chun cinn atá déanta ina leith sin go dtí go bhfoilseofar CVanna chomhaltaí uile an bhoird;

19. á chur in iúl gur geal léi go n-iarrann an Lárionad ar gach ball foirne atá rannpháirteach sa mheastóireacht ar iarrthóirí ar nós imeachta roghnúcháin nó i meastóireacht ar sholáthar dearbhú a shíniú maidir le coinbhleachtaí leasa; ag tabhairt dá haire go bhfoilsítear dearbhú leasanna an stiúrthóra ar shuíomh gréasáin an Lárionaid; ag tabhairt dá haire, thairis sin, nár tuairiscíodh ná nár osclaíodh aon chásanna coinbhleachtaí leasa ná sceithireachta in 2021;

20. á chur in iúl gur geal léi na cinntí nua a glacadh an 25 Meitheamh 2022 maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú maidir leis na baill foirne; ag moladh don Lárionad a chód Iompair féin a fhorbairt; á áitiú gur gá rialacha níos córasaí a chur i bhfeidhm maidir le trédhearcacht, neamh-chomhoiriúnachtaí, coinbhleachtaí leasa, brústocaireacht neamhdhleathach agus doirse imrothlacha; á iarraidh ar an Lárionad a sásraí rialaithe inmheánacha a neartú, lena n-áirítear trí shásra inmheánach frithéillithe a bhunú;

Rialú inmheánach

21. ag tabhairt dá haire an measúnú ó chóras rialaithe inmheánaigh an Lárionaid agus breithniú ó bhainistíocht an Lárionaid nár léirigh na hathbhreithnithe faireacháin aon samplaí de rialuithe neamhleora nó neamhéifeachtacha a d'fhágfadh go mbeadh an Lárionad neamhchosanta ar phríomhrioscaí agus á chur in iúl gur geal léi go ndearnadh na hathbhreithnithe ar bhonn na 17 bprionsabal a bhaineann leis na cúig chomhpháirt de chreat rialaithe inmheánaigh an Lárionaid; á chur in iúl gur geal léi an chonclúid ón Ionad go bhfuil a chuid córas rialaithe lánéifeachtach ar an iomlán, agus go bhfuil roinnt feabhsuithe ag teastáil chun athléimneacht an Lárionaid a mhéadú tuilleadh;

22. ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Lárionad gur cuireadh na gníomhaíochtaí uile atá fágtha i bplean gníomhaíochta frithchalaoise 2019-2020 chun feidhme in 2021, agus go bhfuil nuashonrú déanta ag an Lárionad ar a phróisis maidir le calaois a bhrath agus a thuairisciú;

23. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, laigí rialuithe inmheánacha an Lárionaid maidir le roinnt nósanna imeachta soláthair phoiblí, mar a thuairiscigh an Chúirt, i gcás amháin nár shínigh comhaltaí an choiste meastóireachta dearbhuithe maidir le heaspa coinbhleachtaí leasa, agus i gcás eile nach ndearna an Lárionad cinneadh foirmiúil gan coiste meastóireachta a cheapadh, nár eisigh sé tuarascáil mheastóireachta ná cinneadh dámhachtana, agus nár fhoilsigh sé fógra dámhachtana; ag iarraidh ar an Lárionad plean gníomhaíochta a bhunú chun na rioscaí go dtarlóidh na laigí sin arís a mhaolú; ag iarraidh ar an Lárionad, thairis sin, tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir leis an dul chun cinn atá déanta san ábhar sin;

An digitiú agus an t-aistriú glas

24. ag tabhairt dá haire go bhfuil beartas slándála córas faisnéise (ISSP) agus an iliomad caighdeáin slándála i bhfeidhm ag an Lárionad agus go bhfuil sé ag obair go dlúth le CERT-EU (Foireann Práinnfhreagartha Ríomhaire d'Institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais) chun a chibearshlándáil a fheabhsú; á iarraidh ar an Lárionad ullmhú do nuashonrú ISSP i bhfianaise an dá Rialachán a bheidh ann amach anseo ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cibearshlándáil agus slándáil faisnéise in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais; ag spreagadh an Lárionaid freisin cláir oiliúna atá cothrom le dáta go córasach a bhaineann leis an gcibearshlándáil a chur ar fáil dá foireann uile, lena n-áirítear bainistiú, ós rud é gur príomhghné é sin i gcreat éifeachtach cibearshlándála;

25. ag moladh na gcéimeanna breise a rinne an Lárionad in 2021 i dtreo sholúbthacht, optamú agus digitiú a mhodhanna oibre agus a sheirbhísí; á thabhairt chun suntais go háirithe gur tugadh isteach uirlisí de chuid an Choimisiúin, eadhon ABAC, SYSPER, MIPS agus ARES, chomh maith le Systal (bogearraí TF nua ríomhroghnúcháin agus earcaíochta) agus SARA (córas chun rianú a dhéanamh ar an am a chaitheann baill foirne ar ghníomhaíochtaí éagsúla); á chur in iúl gur geal léi cinneadh an Lárionaid úsáid a bhaint as ríomhshíniú cáilithe an Choimisiúin;

26. ag tabhairt dá haire gur laghdaigh an Lárionad a spás oifige in 2021 33 % tar éis conradh léasa nua a shíniú, rud a d'fhágfadh go dtiocfadh laghdú ar thomhaltas leictreachais an Lárionaid agus ar an méid fuinnimh a úsáidtear le haghaidh téimh; ag moladh an úsáid a bhaineann an Lárionad as aonaid solais atá tíosach ar fhuinneamh agus braiteoirí gluaiseachta, chomh maith le ceannach leictreachais ó fhoinsí glasa;

Leanúnachas gnó le linn ghéarchéim COVID-19

27. ag tabhairt dá haire gur dréachtaíodh beartas nua leanúnachais gnó in 2021 agus gur leanadh d'iniúchtaí cáilíochta a dhéanamh chun comhlíonadh agus éifeachtúlacht a áirithiú i bpróisis agus i nósanna imeachta an Lárionaid; á chur in iúl gur oth léi gur tháinig moill ar roinnt de thionscadail TF agus bonneagair an Lárionaid mar thoradh ar an nganntanas domhanda ar ghairis leictreonacha;

28. ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Lárionad gur éirigh go maith le húsáid leathnaithe na teilea-oibre, ó thús phaindéim COVID-19, agus, in éineacht le barrfheabhsú agus digitiú na bpróiseas ag an Lárionad, gur méadaíodh feidhmíocht agus éifeachtúlacht, mar aon le leithdháileadh níos fearr acmhainní; ag tabhairt dá haire, mar sin féin, gur cuireadh moill ar chur chun feidhme roinnt de thionscadail an Lárionaid de bharr teorainneacha a cuireadh ar bhaill foirne maidir le láithreacht ar an láthair;

Barúlacha eile

29. ag aithint iarrachtaí an Lárionaid in 2021 a infheictheacht phoiblí a mhéadú; ag tabhairt dá haire méadracht fheabhsaithe an Lárionaid ar na meáin shóisialta; ag moladh an Lárionaid as ceardlann ardleibhéil a óstáil maidir leis an ilteangachas, as a rannpháirtíocht ghníomhach i gcomhdháil an Choimisiúin maidir le scríbhneoireacht shoiléir agus as a ghníomhaíochtaí for-rochtana a bhaineann le malartú dea-chleachtas le hollscoileanna agus leis an bpobal domhanda aistriúcháin;

30. á iarraidh ar an Lárionad dlús a chur lena hiarrachtaí agus faisnéis ábhartha feidhmíochta a thuairisciú do shaoránaigh an Aontais agus don phobal i gcoitinne i dteanga shoiléir agus inrochtana; ag tathant ar an Lárionad trédhearcacht agus cuntasacht phoiblí níos fearr a áirithiú trí úsáid a bhaint as cainéil na meán agus na meán sóisialta;

31. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál trasghearrtha a ghabhann lena cinneadh ar urscaoileadh, do rún uaithi an 10 Bealtaine 2023 ([2]) ar fheidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([2]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0190.